AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2022
C(2022) 6083 final

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 31.8.2022

lena bhformheastar Plean Straitéiseach CBT na hÉireann le haghaidh 2023-2027 le haghaidh tacaíocht ón Aontas arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

CCI: 2023IE06AFSP001

(Is ag na téacsanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge a bheidh an t−údarás agus acu siúd amháin)

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 31.8.2022

lena bhformheastar Plean Straitéiseach CBT na hÉireann le haghaidh 2023-2027 le haghaidh tacaíocht ón Aontas arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

CCI: 2023IE06AFSP001

(Is ag na téacsanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge a bheidh an t−údarás agus acu siúd amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021, lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT), agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013[1], agus go háirithe Airteagal 118(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Nollaig 2021, chuir Éire faoi bhráid an Choimisiúin togra le haghaidh a plean straitéisigh faoin gcomhbheartas talmhaíochta maidir le tacaíocht ón Aontas atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 (‘Plean Straitéiseach CBT 2023-2027’).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 118(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, rinne an Coimisiún measúnú ar Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann le haghaidh 2023-2027 atá beartaithe agus thug sé barúlacha, lena n-áirítear maidir le táirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú, dá bhforáiltear i mír 3, an chéad fhomhír, den Airteagal sin an 31 Márta 2022[2]. I gcomhréir le mír 3, an dara fomhír, den Airteagal sin, chuir Éire an fhaisnéis bhreise is gá ar fáil don Choimisiún chun obair leantach a dhéanamh ar bharúlacha an Choimisiúin agus chuir sí leagan athbhreithnithe dá Plean Straitéiseach CBT 2023-2027 isteach an 11 Lúnasa 2022.

(3) Ullmhaíodh Plean Straitéiseach CBT 2023-2027 athbhreithnithe i gcomhréir leis na ceanglais maidir le hábhar Phleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 a leagtar síos in Airteagail 107 go 115 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann

[1] IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

[2] Seoladh barúlacha an Choimisiúin chuig an mBallstát an 31 Márta 2022. Foilsíodh na tuairimí ar https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/cap-strategic-plans/obervation-letters_en.

le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún[3]. Cuireadh le chéile é ag Éirinn le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 106(3) de Rialachán (AE) 2021/2115, agus i gcomhar leis an gCoimisiún.

(4) Le Plean Straitéiseach CBT 2023-2027 athbhreithnithe arna mholadh ag Éirinn, comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 118(4) de Rialachán (AE) 2021/2115.

(5) De réir Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], is é atá sa Chinneadh seo cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] maidir le CETFT. Tá na heilimintí is gá le haghaidh an chinnidh maoiniúcháin le fáil i bPlean Straitéiseach CBT 2023-2027, seachas an líne bhuiséid, a shonraítear sa Chinneadh seo. Ar chúiseanna trédhearcachta, cuirtear san áireamh i dtábla forléargais Phlean Straitéiseach CBT 2023-2027 dá bhforáiltear in Airteagal 112(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 ranníocaíocht iomlán CETFT le haghaidh gach cineál idirghabhála, ranníocaíocht CETFT in aghaidh na bliana agus ranníocaíocht CETFT uasta, arb iad a bhíonn iontu na leithdháiltí coigeartaithe tar éis na n-aistrithe a leagtar amach i bPlean Straitéiseach CBT 2023-2027 i gcomhréir le hAirteagal 103 den Rialachán sin: ba cheart an tábla forléargais a áireamh freisin sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo. Ba cheart an maoiniú náisiúnta breise le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe i gcomhréir le hAirteagal 146 de Rialachán (AE) 2021/2115 a áireamh freisin sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(6) Ar chúiseanna trédhearcachta agus soiléireachta, ba cheart achoimre a thabhairt freisin sa Chinneadh seo ar na heilimintí uile, seachas na leithdháiltí coigeartaithe le haghaidh CETFT, a shonraítear sa tábla forléargais a leagtar amach in Airteagal 112(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-áirítear na leithdháiltí coigeartaithe le haghaidh íocaíochtaí díreacha tar éis na n-aistrithe, a léirítear i bPlean Straitéiseach CBT 2023-2027 i gcomhréir le hAirteagal 17(5), Airteagal 88(5) agus (6) agus Airteagal 103 den Rialachán sin, arb iad atá iontu agus na leithdháiltí uasta airgeadais le haghaidh íocaíochtaí díreacha.

(7) De réir Airteagal 92(2), Airteagal 93(3), Airteagal 95(3), Airteagal 95(4), Airteagal 95(5), Airteagal 97(10), Airteagal 97(11) agus Airteagal 98(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart don Choimisiún na huasteorainneacha airgeadais faoi seach le haghaidh LEADER, idirghabhálacha lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, feirmeoirí óga, éiciscéimeanna agus tacaíocht ioncaim athdháilte a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 118 den Rialachán

---

3 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463).

4 Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

5 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

sin mar uasteorainn airgeadais arna bunú i ndlí an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na huasteorainneacha airgeadais droim ar ais sin a shonrú sa Chinneadh seo.

(8) Leis an gCinneadh seo, níor cheart faisnéis maidir leis na córais rialaithe agus na pionóis arna mbunú ag Éirinn, agus an fhaisnéis a áirítear in Iarscríbhinní I go IV de Phlean Straitéiseach CBT 2023-2027, a chumhdach. Níor cheart státchabhair de réir bhrí Airteagail 107, 108 agus 109 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, nach bhfuil formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na nósanna imeachta Státchabhrach ábhartha, a chumhdach leis ach oiread,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar an leagan deiridh de Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann le haghaidh 2023-2027 , a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 11 Lúnasa 2022 trí bhíthin an chórais leictreonaigh um malartú slán faisnéise ar a dtugtar 'SFC2021' i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289.

Ní chumhdófar le formheas Phlean Straitéiseach CBT 2023-2027 an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 113, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus in Iarscríbhinní I go IV de Phlean Straitéiseach CBT 2023-2027, ná Státchabhair de réir bhrí Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE.

Airteagal 2

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo tábla forléargais na leithdháiltí, lena n-áirítear na leithdháiltí coigeartaithe, dá dtagraítear in Airteagal 112(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus a leagtar amach i bPlean Straitéiseach CBT 2023-2027.

Leagtar amach ranníocaíocht iomlán CETFT do gach cineál idirghabhála CETFT in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Sonraítear na huasteorainneacha airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(2), Airteagal 93(3), Airteagal 95(3), Airteagal 95(4), Airteagal 95(5), Airteagal 97(10), Airteagal 97(11) agus Airteagal 98(2) faoi seach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Leagtar amach tábla den mhaoiniú náisiúnta breise, dá dtagraítear in Airteagal 146 de Rialachán (AE) 2021/2115, in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Maoineofar ranníocaíocht uasta CETFT ó na leithreasuithe arna n-iontráil i líne bhuiséid 08 03 01 01 (Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT).

Airteagal 4

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31.8.2022

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach